

Treoirínite maidir le próiseáil¹ sonraí pearsanta² ag Ionadaithe Tofa³ faoi alt 40 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018)

¹ Féach Airteagal 4(2) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

² Féach Airteagal 4(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

³ Tá na treoirínite seo á bhfoilsíú le leas ionadaithe tofa, de réir an tsainmhínte a thugtar in alt 40(5) d'Acht 2018, agus do na heagraíochtaí sin a bhfostaíonn ionadaithe tofa iad. Foilseoidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí treoirínite ar leith do chomhlachtaí ionadaíocha agus do chumainn a chomhlíonann feidhm chomhchosúil dá mbaill.

Réamhrá

Le linn a ngníomhaíochtaí, is féidir go n-iarrfar ar ionadaithe tofa uiríll a dhéanamh chuig duine aonair (ábhar sonraí) nó thar a c(h)eann. Is feidhm dhaonlathach atá coitianta agus tábhachtach í sin agus tarlaíonn sé de ghnáth i dtaca le rochtain ar sheirbhísí nó ar fhaisnéis faoin soláthar seirbhísí. Nuair a dhéanann daoine teagmháil lena n-ionadaí tofa chun a iarraidh go ndéanfaí uiríll thar a gceann, tá siad ag iarraidh cúnamh agus tá siad ag súil go mbeidh an t-ionadaí tofa in ann freagairt dá n-ábhair imní ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Mar sin féin, tá freagracht ar ionadaithe tofa as sonraí pearsanta a dtoghthóirí a chosaint freisin, go háirithe i gcás go bhfuil catagóirí speisialta sonraí pearsanta i gceist leis an bpróiseáil⁴. In alt 40 d’Acht 2018, aimsítear cothromaíocht idir an dá sheasamh sin, rud a bhfuil sé mar aidhm leis go soláthrófaí “bunús dlíthiúil láidir le huiríll a bheith á ndéanamh ag Comhaltaí de Thithe an Oireachtais agus ag comhaltaí d’Údaráis Áitiúla”⁵.

Le hait 40(1) agus (2) d’Acht 2018, soláthraítear bunús reachtach d’ionadaí tofa⁶ le próiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta (lena n-áirítear catagóirí speisialta sonraí pearsanta) de chuid toghthóirí aonair chun go mbeidh siad in ann a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh⁷. Ceadaítear próiseáil sonraí pearsanta ag ionadaí tofa faoi alt 40 i gcás:

⁴ Sainmhínítear catagóirí speisialta sonraí in Airteagal 9(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

⁵ An Teachta Charles Flanagan, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, díospóireacht an Roghchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas, Déardaoin an 3 Bealtaine 2018.

⁶ Féach alt 40(5) – Comhalta de Thithe an Oireachtais, Feisire de Pharlaimint na hEorpa nó comhalta d’údarás áitiúil.

⁷ Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh ionadaí tofa a bheith ag brath freisin ar thoiliú (agus toiliú follasach i gcás catagóirí speisialta sonraí) mar bhunús dlíthiúil ar leith faoi Airteagal 6 (agus mar choinníoll faoi Airteagal 9) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí le sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann an ábhair sonraí.

- (i) go bhfaigheann an t-ionadaí tofa iarraidh nó uiríoll go díreach ón ábhar sonraí, nó i gcás
- (ii) go bhfaigheann an t-ionadaí tofa iarraidh nó uiríoll ó dhuine eile thar ceann an ábhair sonraí agus go bhfuil an t-ionadaí tofa in ann a thaispeáint go bhfuil sé/sí ag comhlíonadh phrionsabail na cosanta sonraí⁸.

Leagtar amach sna treoirí seo na hoibleagáidí atá ar ionadaithe tofa i dtaca le huiríll den sórt sin a dhéanamh thar ceann an ábhair sonraí agus na freagrachtaí atá orthu i dtaca le faisnéis phearsanta a thagann isteach ina seilbh agus faoina rialú. Leagtar amach iontu freisin na hoibleagáidí atá ar eagraíochtaí (rialaitheoirí sonraí poiblí agus príobháideacha) a phróiseálann uiríll a dhéanann ionadaithe tofa thar ceann daoine aonair.

Dlíthiúlacht, Cothroime agus Trédhearcacht

Roimh dó/di aon phróiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta, ba cheart d'ionadaí tofa a chinntiú go gcuirtear an duine aonair a dhéanann iarraidh le haghaidh uiríll ar an eolas faoi chineál agus méid féideartha na próiseála sonraí pearsanta a d'fhéadfaí a dhéanamh mar thoradh ar rannpháirtíocht den sórt sin⁹, i measc nithe eile. Tá oibleagáid ar ionadaí tofa, mar rialaitheoir sonraí, na freagrachtaí trédhearcachta atá air/uirthi faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh ar a laghad¹⁰. Chun tuilleadh treorach a fháil, tabhair faoi deara an foilseachán seo a leanas ar thrédhearcacht ar eisigh

⁸ Féach Airteagal 5(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí le haghaidh na bprionsabal: (a) dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht, (b) teorannú de réir cuspóra, (c) íoslaghdu sonraí, (d) cruinneas, (e) teorannú stórála, (f) sláine agus rúndacht. Féach freisin Airteagal 5(2): cuntasacht. Tá feidhm ag na prionsabail sin maidir le gach gníomhaíocht próiseála a dhéanann rialaitheoirí sonraí.

⁹ Mar shampla, má tá féidearthacht ann go bhféadfaí sonraí pearsanta faoi uiríoll a chur ar fáil go poiblí tríd an bhfáil ar mhiontuairiscí cruinnithe poiblí nó trí chraoltaí Gréasáin poiblí ag údarás poiblí, mar shampla, tá sé tábhachtach go gcuirtear an duine aonair ar an eolas faoin bhféidearthacht sin roimh an bpróiseáil agus go dtuigeann sé/sí í.

¹⁰ Féach, mar shampla, na nithe a bhforáiltear dóibh in Airteagail 12, 13 agus 14.

Meitheal Oibre Airteagal 29 é agus ar fhorhúinigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí é¹¹:

http://ec.europa.eu/newsroom/article29/item-detail.cfm?item_id=622227

Moladh

Ba cheart d'ionadaithe tofa fógraí príobháideachais a úsáid i gcás go mbaillonn siad faisnéis phearsanta faoi dhaoine agus ba cheart dóibh fógra príobháideachais a bheith acu ar a suíomh Gréasáin. Moltar go ndrúachtófaí fógra príobháideachais sonrath i dtaca le huirill phoiblí a dhéantar thar ceann daoine aonair. Ba cheart aghaidh a thabhairt go sásúil leis na fógraí sin ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 12, 13, 14 agus 30 (nuair is iomchuí) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus ba cheart iad a bheith soiléir, inrochtana agus faisnéiseach chun cabhrú le daoine a thuiscint cad a dhéanfar lena bhfaisnéis phearsanta.

Faoi Airteagal 40(1) agus Airteagal 40(2), caithfidh ionadaí tofa a bheith deimhin de go bhfuil sé/sí i gcónaí ag gníomhú ar iarraidh ón ábhar sonraí. Ina lán cásanna, is féidir a thabhairt le tuiscint ó ghníomh ábhartha nó ó iarraidh ábhartha gur thug an duine aonair a c(h)ead¹². Mar shampla, má tharraingíonn duine aonair an ní anuas, cruthófar ionchas go ndéanfaidh an t-ionadaí tofa agus eagraíochtaí ábhartha eile tuilleadh próiseála ar a sonraí pearsanta. Sna cásanna sin, beidh an duine aonair ag súil go bpróiseálfaidh an t-ionadaí tofa aon fhaisnéis phearsanta a cuireadh ar fáil agus go ndéanfaidh eagraíochtaí a fhaigheann an fhaisnéis a f(h)aisnéis phearsanta a nochtadh don ionadaí tofa i

¹¹ D'fhorhúinigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí an treoir ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ar chuir Meitheal Oibre Airteagal 29 í ar fáil.

¹² Ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an t-ionadaí tofa go sásúil na ceanglais trédhearcachta atá air/uirthi i dtaca leis an ngníomhaíocht próiseála ar leith sin – féach Airteagail 12-14 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

gcás gur gá déanamh amhlaidh chun freagra cuí a thabhairt. Mar sin féin, is féidir go mbeidh cúinsí ann ina rachaidh an phróiseáil níos faide ná ionchas an duine aonair, go háirithe i gcás go bhfuil éiginnteacht ann faoi mhianta an duine aonair nó i gcás go bhfuil féidearthacht ann go bpróiseálfaí faisnéis phearsanta nach rabhthas ag coinne léi agus/nó atá íogair mar chuid den iarraidh. Mar shampla, is féidir go n-iarrfaidh duine aonair cúnaimh ó ionadaí tofa i dtaca le seirbhísí sonracha sláinte poiblí a rochtain. Baineann an t-ionadaí tofa úsáid ansin as an iarraidh sin agus na sonraí pearsanta a fuarthas chun labhairt ag leibhéal náisiúnta ar son soláthairtí feabhsaithe seirbhísí sláinte poiblí, áfach. I gcásanna den chineál sin, d'fhéadfadh go mbeadh sé cuí don ionadaí tofa dul i dteagmháil leis an duine aonair chun a chinntiú go bhfuil sé/sí ar an eolas faoi chineál a (h)iarrata, faoi na sonraí pearsanta lena mbaineann, faoin bpróiseáil dhóchúil a dhéanfar mar thoradh ar iarraidh den sórt sin agus faoin bpoiblíocht a d'fhéadfadh teacht as an iarraidh sin agus ba cheart dó/di a chinntiú go bhfuil an duine aonair sásta leanúint ar aghaidh ar an mbonn sin.¹³ Ba cheart d'ionadaithe tofa bheith ar a n-airdeall go háirithe i gcás go bhfuil nochtadh féideartha nó eisiúint fhéideartha catagóirí speisialta sonraí a bhaineann leis an duine aonair i gceist leis an iarraidh le haghaidh uiríll¹⁴. De ghnáth, ba cheart don ionadaí tofa toiliú follasach a fháil ón duine aonair le haghaidh an cineál sin sonraí pearsanta a fháil agus a phróiseáil¹⁵.

Méadaítear na freagrachtaí atá ar ionadaí tofa i gcás go bhfuair sé/sí an iarraidh go hindíreach. I gcás go bhfaightear an iarraidh nó an t-uiríoll ó dhuine eile thar ceann an duine aonair lena mbaineann, ceanglaítear le halt 40(1), i gcomhar le

¹³ Ní mór d'eagraíocht atá ag fáil uiríoll den chineál sin bearta a chur ar áireamh chun a chinntiú go gcosnaítear cearta agus saoirsí an ábhair sonraí – féach alt 40(4) d'Acht 2018

¹⁴ Bheadh ar eagraíocht a dhéanann rialú agus sealbhú ar an bhfaisnéis phearsanta i dtaca leis an iarraidh coimircí iomchuí a chur chun feidhme roimh di breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis phearsanta den chineál sin a nochtadh don ionadaí tofa – féach alt 40(4) agus alt 36 d'Acht 2018.

¹⁵ Ceanglófar ar eagraíocht a bheartaíonn an cineál sin sonraí a nochtadh coimircí sonracha a chur chun feidhme, lena n-áirítear gealltanais a fháil ón ionadaí tofa á thaispeáint gur thoiligh an duine aonair go follasach le nochtadh na sonraí sin.

halt 40(2) d'Acht 2018, go gcinntíonn an t-ionadaí tofa gur bailí agus dleathach atá an iarraidh/an t-uiríoll sin. Dá bhrí sin, beidh ar an ionadaí tofa é/í féin a shásamh go gcomhlíontar na coinníollacha um thoiliú (mar a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus go bhfuil an t-údarás ag an duine aonair iarraidh a dhéanamh thar ceann an ábhair sonraí. Mar shampla, is féidir go mbeidh air/uirthi bearta réasúnacha a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil seasamh dlíthiúil iomchuí ag duine aonair chun gnóthaí duine aonair a bhainistiú, amhail caomhnóireacht nó cumhacht sheasmhach aturnae¹⁶.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi thoiliú, tabhair faoi deara na treoirlínte seo a leanas ó Mheitheal Oibre Airteagal 29, ar fhorhnuigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí iad¹⁷:

http://ec.europa.eu/newsroom/article29/item-detail.cfm?item_id=623051

Is féidir go mbeidh cúinsí sonracha ann nach bhfuil ionadaí tofa ábalta iontu na mianta sin ó dhuine aonair a fháil amach roimh uiríoll a dhéanamh agus bainfidh tábhacht le breithiúnas fóna i gcúinsí den sórt sin nuair atáthar ag cinneadh an bhealaigh ar aghaidh¹⁸. Ar deireadh thiar thall, beidh sé faoin ionadaí tofa údar a thabhairt lena c(h)inntí ar uiríoll a dhéanamh i gcás nach bhfuair sé/sí mianta an duine aonair amach go hiomlán roimh an bpróiseáil. De ghnáth, ní bheidh sé ceadaithe gníomhú ar bhealach den sórt sin ach amháin i gcúinsí eisceachtúla; go háirithe i gcás nach féidir le duine aonair toiliú a thabhairt (nó nach féidir a bheith ag súil go dtabharfaidh sé/sí toiliú). Bheadh ar ionadaí tofa údar a thabhairt le sonraí pearsanta a phróiseáil ar an mbonn sin trí bhreac-chuntas a thabhairt agus taifeadadh a dhéanamh ar na bearta a

¹⁶ Bainfidh forálacha an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, le hábhar freisin.

¹⁷ Ar tugadh Meitheal Oibre Airteagal 29 air roimhe sin.

¹⁸ Mar shampla, is féidir go mbeidh uiríoll íogair ó thaobh ama de agus go mbeidh gníomh láithreach ag teastáil ina leith.

rinneadh chun na mianta sin a fháil amach roimh leanúint ar aghaidh.

Beidh sé faoin ionadaí tofa a thaispeáint go bhfuil sé/sí ag comhlíonadh alt 40 d’Acht 2018 agus is léir gurb é iarraidh i scríbhinn atá sínithe agus a bhfuil mionsonraí cuí inti ó ábhar sonraí/ó thoghthóir an cur chuige is fearr le glacadh. Mar sin féin, is féidir go mbeidh cásanna ann nach bhfuil sé praiticiúil déanamh amhlaidh nó is féidir go gcruthóidh sé bacainní neamhréasúnacha ar ionadaithe tofa a ndualgais thar ceann a dtoghthóirí a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach. Mar shampla, is féidir go ndéanfaidh duine aonair a (h)iarraidh ar an ionadaí tofa ó bhéal. Moltar go ndéanfaidh an t-ionadaí tofa taifead comhaimseartha a bhfuil go leor mionsonraí ann a chur le chéile agus a choinneáil i dtaca leis na hiarrataí go léir a ndéanann ábhair shonraí iad nó a ndéanann duine aonair eile iad go hindíreach thar ceann an ábhair sonraí. Beidh taifead den sórt sin ina dhoiciméad úsáideach a chabhróidh le hionadaí tofa a thaispeáint go bhfuil sé/sí ag comhlíonadh alt 40 d’Acht 2018 agus ag comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Cabhróidh sé sin leis/léi nuair atá sé/sí ag déanamh uiríoll chuig eagraíocht. De bhreis air sin, is féidir go mbeidh sé cuí d’ionadaí tofa dearbhuithe malartacha a iarraidh chun gnéithe bona fide na hiarrata a dheimhniú agus, i gcás inarb iomchuí, is féidir go mbeidh sé cuí dó/di a chinntiú go gcuirfidh an duine aonair toiliú sínithe ar fáil tar éis an t-uiríoll a dhéanamh¹⁹.

Moladh

Teorannú Cuspóra

¹⁹ Mar shampla, d’fhéadfadh sé/sí dearbhú foirmiúil nó gealltanais foirmiúil a iarraidh ó dhuine atá ag déanamh iarrata thar ceann an duine aonair.

Ba cheart d'ionadaí tofa bheith soiléir faoin gcuspóir ar chuige a phróiseáiltear na sonraí pearsanta i gcás go ndéanann duine aonair iarraidh le haghaidh uiríll. Is féidir nár mhaith le duine aonair atá ag déanamh teagmháil le hionadaí tofa go n-úsáidí a s(h)onraí chun aon chuspóirí eile seachas a (h)iarraidh luaite.

Moladh

Níor cheart d'ionadaí tofa glacadh leis gur mhaith le duine aonair a dhéanann iarraidh le haghaidh uiríll go n-úsáidí a s(h)eoladh ríomhphoist le haghaidh canbhasáil polaitíochta.¹ Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, gur cheart faisnéis a fhaightear trí chásobair toghcheantair (lena n-áirítear iarrataí le haghaidh uiríll) a chatagóiriú agus a idirdhealú go cuí ó fhaisnéis phearsanta a fhaightear agus a phróiseáiltear mar thoradh ar bhunús dleathach eile. Ba cheart fógraí príobháideachais a bheith ag teacht leis na gníomhaíochtaí difriúla próiseála a ndéanann ionadaithe tofa iad.

Ioslaghú Sonraí

Tá sé tábhachtach d'ionadaí tofa a chinntiú go ndéanann sé/sí próiseáil agus sealbhú ar fhaisnéis phearsanta atá ábhartha agus teoranta dá bhfuil ag teastáil chun uiríoll éifeachtach a dhéanamh thar ceann an duine aonair. Ba cheart dó/di a bhreithniú cá mhéad faisnéise is gá a thabhairt don eagraíocht chun go mbeidh sí in ann uiríoll leormhaith a dhéanamh. Go hachomair, níor cheart dó/di próiseáil a dhéanamh ach ar na sonraí pearsanta a theastaíonn chun an cuspóir a lorgáitear a bhaint amach. Ina a lán cásanna, is féidir go mbeifear in ann roinnt den fhaisnéis a choinneáil siar agus uiríoll leormhaith a dhéanamh don duine aonair ag an am céanna. Ba cheart aon fhaisnéis phearsanta neamhriachtanach a thabhairt ar ais don duine aonair nó a scriosadh mura bhfuil sí ag teastáil le haghaidh chuspóir luaite na hiarrata.

Cruinneas

D'fhéadfadh próiseáil faisnéise míchruinne nó neamhiomláine cur as do dhuine aonair nó náire a chur air/uirthi. Ní mór cúram ar leith a thabhairt i gcás go bhfaightear faisnéis phearsanta ó dhuine eile nó ó eagraíocht in ionad í a fháil go díreach ón ábhar sonraí nó i gcás gurb íogair atá an fhaisnéis lena mbaineann. Ba cheart d'ionadaithe tofa an-aird a thabhairt ar chruinneas na sonraí agus a chinntiú nach seoltar comhfhreagras chuig an seoladh mícheart. Tá an ceart ag daoine aonair chun go gceartófar faisnéis mhíchruinn gan moill mhíchuí i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Moladh

Moltar go gcuirfí nós imeachta chun feidhme chun a chinntiú gur cruinn fós atá na sonraí pearsanta. Tá sé tábhachtach freisin a chinntiú go seachnaítear tuairimí ar chruinneas na sonraí agus a sheiceáil leis an duine aonair lena mbaineann gur cothrom le dáta atá a s(h)onraí teagmhála agus fíricí na saincheiste. Mar shampla, is féidir go n-iarrfaidh duine aonair uiríoll breise mar thoradh ar iarraidh roimhe a rinneadh ar an ionadaí tofa céanna. Sna cásanna sin, níor cheart don ionadaí tofa glacadh leis choíche nach bhfuil athrú tagtha ar an bhfaisnéis a fuarthas roimhe sin agus ba cheart dó/di an t-eolas is deireanaí a iarraidh ar fhíricí an ní.

Teorannú Stórála

Ní leagtar síos leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ná le hAcht 2018 tréimhse coinneála d'fhaisnéis phearsanta a bhailítear trí uiríoll poiblí. Beidh cuspóir(i) na hiarrata ina ní a chuirfear san áireamh le linn tréimhse choinneála chuí a shocrú agus tá sé faoin rialaitheoir sonraí an cinneadh sin a dhéanamh.²⁰ De ghnáth, ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil don tréimhse is gá chun cuspóir na hiarrata a chomhlíonadh. Ba cheart d'ionadaithe tofa bheith soiléir faoi na critéir a úsáideann siad chun cinneadh a dhéanamh ar an tréimhse coinneála d'fhaisnéis phearsanta a fhaightear faoi iarraidh den sórt sin agus ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a chur ar áireamh ina bhfógra príobháideachais.

Sláine agus Rúndacht

Tá an lánrogha ag ionadaithe tofa a chinneadh cé na bearta slándála a chuirfidh siad i bhfeidhm in aon chúinse ar leith. Mar sin féin, ní mór dóibh caighdeáin slándála iomchuí a chur i bhfeidhm, ar nithe iad a fhéadann a bheith difriúil de réir chineál na sonraí atá i gceist agus de réir an dochair a d'fhéadfaí a dhéanamh mura gcosnófaí na sonraí go leordhóthanach. Go háirithe, ba cheart dóibh smaoineamh go cúramach ar na socruithe slándála le haghaidh sonraí pearsanta íogaire agus ar conas a bheartaíonn siad teorainneacha le rochtain a fhorchur.²¹

Moladh

Chun an fhaisnéis a choinneáil sábháilte, tá sé cuí bearta teicniúla agus eagraíochta a dhéanamh, amhail úsáid a bhaint as pasfhocail, as pribhléidí rochtana ríomhaire, as nósanna imeachta agus as oiliúint foirne.

Go háirithe, ba cheart forálacha a chur i bhfeidhm do dhuine ar bith a fhéadann sonraí pearsanta a rochtain, lena n-áirítear baill foirne, oibríthe deonacha agus soláthraithe seirbhíse tríú páirtí (amhail soláthraithe seirbhíse óstála néalríomhaireachta) agus ba cheart na forálacha sin a chur ar bhonn foirmiúil i gconarthaí agus i gcomhaontuithe

Nochtadh Sonraí Pearsanta ag Eagraíocht mar thoradh ar iarraidh alt 40

Le halt 40(4), bunaítear bunús dlíthiúil lena gceadaítear d'eagraíochtaí freagairt do shonraí pearsanta agus iad a phróiseáil mar thoradh ar uiríoll a fhaightear ó

ionadaí tofa.²² Mar rialaitheoir sonraí, beidh ar na heagraíochtaí sin prionsabal na cuntasachta a chomhlíonadh freisin trína thaispeáint go bhfuil siad ag comhlíonadh na bprionsabal go léir eile um chosaint sonraí.²³ Tá sé faoi gach eagraíocht, dá bhrí sin, a chinneadh conas a chuirfidh siad caighdeáin deachleachtais a chomhlíonann forálacha alt 40(4) agus alt 36 d'Acht 2018 chun feidhme. Tá sé tábhachtach freisin, áfach, nach bhfuil na caighdeáin sin róthrom, áit a bhfuil bac chomh suntasach sin ar ionadaí tofa nach bhfuil sé/sí in ann an fheidhm dhaonlathach thábhachtach sin a chomhlíonadh thar ceann daoine aonair ar bhealach éifeachtach.

Cuireann an Coimisiún um Chosaint Sonraí in iúl gurb amhlaidh, i gcás go ndéanann ionadaí poiblí uiríoll i scríbhinn thar ceann toghthóra mar thoradh ar iarraidh alt 40, go bhféadfaidh an eagraíocht glacadh leis de ghnáth gur thug an toghthóir a c(h)ead le haghaidh eisiúint na sonraí pearsanta atá riachtanach chun freagra a thabhairt ar an uiríoll. I bhfocail eile, féadfaidh an eagraíocht glacadh le deimhnithe *bona fide* na n-ionadaithe tofa a luann go bhfuil siad ag gníomhú thar ceann duine den phobal. Ós rud é go bhfuil an eagraíocht cuntasach as na sonraí pearsanta a roghnaigh sí a eisiúint, ba cheart di a bheith deimhin de go bhfuil sé réasúnach glacadh leis nach n-agóidfeadh an duine aonair a n-eisítear a s(h)onraí pearsanta in aghaidh na heisiúna sin trí ionadaí poiblí. I bhformhór na gcásanna, ní dócha go mbeidh sé sin ina fhadhb, go háirithe i dtaca leis an líon mór uiríoll a dhéantar thar ceann daoine aonair atá ag iarraidh a fháil amach go bunúsach cén uair a chuirfear seirbhís ar leith ar fáil.

²² Alt 40(4). Chun an chuspóra dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus a mhéid atá nochtadh riachtanach agus comhréireach chun cur ar chumas ionadaí tofa déileáil le hiarraidh nó le huiríoll dá dtagraítear san fho-alt sin, faoi réir bearta oiriúnacha agus sonracha a bheith á ndéanamh chun cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí a chosaint, beidh sé dleathach do dhuine sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta de chuid ábhar sonraí a dhéanann an iarraidh nó an t-uiríoll, nó a ndéantar an iarraidh nó an t-uiríoll thar a cheann nó a ceann, de réir mar a bheidh, a nochtadh don ionadaí nó do dhuine atá ag gníomhú thar a cheann nó a ceann, chun cur ar chumas an ionadaí sin freagra a thabhairt ar an iarraidh nó ar an uiríoll sin.

²³ Féach Airteagal 5 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Má dhéanann an comhalta tofa uiríoll ó bhéal chuig an eagraíocht thar ceann ábhar sonraí, moltar go ndéanfadh ball foirne den eagraíocht taifead comhaimseartha ar shonraí an uiríll, lena n-áirítear aitheantas an ionadaí tofa agus an ábhair sonraí, an t-am agus an dáta, agus mionsonraí ábhartha eile a bhaineann le cineál na hiarrata. Ba cheart an taifead sin a chomhlánú sula ndéanfar measúnú ar cé acu a chloífeadh nó nach gcloífeadh leis an iarraidh. Má tá an t-ionadaí tofa i láthair i bpearsa nuair atá uiríoll ó bhéal á dhéanamh, is féidir go mbeidh sé cuí freisin iarraidh air/uirthi foirm ghairid ina ndeimhnítear na sonraí ábhartha agus cuspóir na hiarrata a shíniú.

Ar deireadh thiar thall, beidh sé faoin eagraíocht a chinneadh cé acu a ghéillfidh nó nach ngéillfidh sí d'iarraidh ar an mbonn gur comhlíonadh a mbearta oiriúnacha agus sonracha féin (a cuireadh chun feidhme chun cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an duine aonair a chosaint). Mar sin féin, ba cheart do na heagraíochtaí sin aird a thabhairt ar mhianta a gcustaiméara nó an tsaoránaigh agus cinneadh á dhéanamh acu.

Ba cheart dréachtú agus foilsiú a dhéanamh ar bheartais chúí agus ar fhógraí príobháideachais cuí ina leagtar amach conas a dhéanfaidh eagraíocht sonraí pearsanta a bhainistiú agus a phróiseáil tar éis iarraidh a fháil. Chuige sin, ní mór don eagraíocht, mar rialaitheoir sonraí, a chinntiú go gcomhlíonann sí a freagrachtaí faoi Airteagail 12, 13, 14 agus 30 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Cabhróidh beartais inrochtana agus fógraí príobháideachais inrochtana le heagraíochtaí, le hábhair shonraí agus le hionadaithe tofa tuiscint a ghnóthú ar a bhfuil ag teastáil chun uiríoll a dhéanamh agus freagra a thabhairt air agus ar a bhfuil i gceist le déanamh amhlaidh. Beidh na doiciméid sin úsáideach freisin ina chinntiú go ngníomhaítear ar an uiríoll go caoithiúil.

Maidir le spleáchas ar alt 40(4) mar bhunús dlíthiúil le sonraí a nochtadh mar thoradh ar uiríoll, bíonn sé ag brath ar choinníollacha áirithe a bheith á gcomhlíonadh roimh ré:

Riachtanach agus Comhréireach

Ceanglaítear le prionsabal an íoslaghdaíthe sonraí gur cheart an méid íosta sonraí a phróiseáil chun cuspóir ar leith a bhaint amach agus, nuair is féidir, gur cheart próiseáil sonraí pearsanta a sheachaint ar fad. Fágann sé sin gurb amhlaidh, i gcás go n-iarrann comhalta tofa go n-eiseofaí sonraí de chuid toghthóra, gur cheart an nochtadh a bheith teoranta don fhaisnéis atá riachtanach chun freagra a thabhairt ar an gceist a chuir an toghthóir. Más féidir freagra a thabhairt ar an gceist ón toghthóir gan gá a bheith ann lena s(h)onraí pearsanta a nochtadh, bheadh sé sin ar an réiteach ab fhearr. Ní mór an nochtadh sin a mheas a bheith comhréireach freisin maidir leis an tionchar atá aige ar chearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an duine aonair lena mbaineann. Le linn dó/di an iarraidh thosaigh a dhéanamh ar a c(h)omhalta tofa ceist a tharraingt anuas thar a c(h)eann, is féidir nár bhreithnigh an toghthóir ná an t-ionadaí tofa na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag nochtadh a s(h)onraí pearsanta (lena n-áirítear catagóirí speisialta sonraí). Ba cheart d'eagraíochtaí a mheasúnú an bhféadfadh nó nach bhféadfadh go mbeadh tionchar diúltach ann ar an duine aonair mar thoradh ar uiríoll agus ba cheart dóibh bearta cuí a d'fhéadfadh na rioscaí sin a mhaolú a chur chun feidhme ina dhiaidh sin. Mar shampla, is féidir go bhfuil sonraí atá íogair go háirithe agus a bhfuil cineál stairiúil acu i gceist leis an iarraidh. Cé go bhfuil na sonraí sin tábhachtach ó thaobh an uiríll de, is féidir nach dtuigfidh an duine aonair lena mbaineann an méid sin. Sna cúinsí sin, moltar go n-iarrfaí tuilleadh dearbhuithe á thaispeáint go bhfuil sé ceadaithe na sonraí a nochtadh.

Bearta Oiriúnacha agus Sonracha

Cé go mbeidh sé réasúnach glacadh leis gur de mheon macánta atá an comhalta tofa ag déanamh iarraidh ar nochtadh sonraí pearsanta tar éis iarraidh a fháil ón ábhar sonraí ina leith, ní mór d’eagraíocht, ar iarraidh a fháil, bearta oiriúnacha agus sonracha a chur chun feidhme chun a chinntiú go gcosnaítear cearta agus saoirsí an duine aonair²⁴. Beidh an cineál beart a roghnaítear ag brath go mór ar chineál an uiríll agus ar na sonraí pearsanta atá i gceist²⁵.

Is féidir gur mhaith le heagraíocht í féin a shásamh go bhfuil an duine aonair a d’iarr an t-uiríoll tríd an gcomhalta tofa láneolach ar na himpleachtaí a eascraíonn as próiseáil a s(h)onraí pearsanta mar thoradh ar iarraidh den sórt sin agus go dtugann sé/sí toiliú don eagraíocht sonraí pearsanta a phróiseáil ar an mbonn sin. Mar sin féin, ní mór don eagraíocht aird a thabhairt ar chineál agus cuspóir na hiarrata. Mar shampla, is féidir go mbeidh roinnt uiríoll íogair ó thaobh ama de agus d’fhéadfadh an gá le toiliú follasach a bheith faighte ag eagraíocht fadhb a chruthú don ionadaí tofa agus é/í ag iarraidh a ról a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach. Is léir go bhfuil dualgas ar an ionadaí tofa sonraí leordhóthanacha a chur ar fáil maidir le cineál na hiarrata. Mar sin féin, ba cheart d’eagraíocht cur chuige gnáthchéille a úsáid freisin nuair atá iarrraí den sórt sin á mbreithniú aici. Mar shampla, ní bheidh ar eagraíocht sa chuid is mó de chásanna toiliú follasach a éileamh tar éis di uiríoll i scríbhinn a fháil ó ionadaí tofa, go háirithe i gcás gur cinnte go gcruthódh sé sin moill a d’fhágfadh nach bhféadfaí cuspóir na hiarrata a chomhlíonadh agus go háirithe i

²⁴ Féach alt 36 d’Acht 2018

²⁵ Is léir gur féidir go mbeidh sé riachtanach coimircí breise, agus coimircí níos déine fiú, a bhreithniú agus a fhorchur i gcás gur de chineál íogair atá na sonraí pearsanta atá i gceist (i.e. catagóirí speisialta sonraí, nó sonraí a bhaineann le cion a imscrúdú nó a ionchúiseamh).

gcás nach íogair atá an fhaisnéis phearsanta atá i gceist²⁶. Ba cheart an iarraidh i scríbhinn í féin a bheith leordhóthanach don eagraíocht le haghaidh leanúint ar aghaidh ar an mbonn sin²⁷.

Má cheapann eagraíocht nach bhfuil an t-ionadaí tofa nó an duine aonair (nó an bheirt díobh) láneolach ar chineál agus íogaireacht na sonraí pearsanta atá i gceist, is féidir go mbeidh sé cuí teagmháil a dhéanamh go díreach leis an gcomhalta tofa, leis an duine aonair nó leis an mbeirt díobh, eolas a thabhairt dó/di/dóibh faoin seasamh agus iarraidh air/uirthi/orthu an iarraidh a athbhreithniú ar an mbonn sin. Mar mhalairt air sin, má tá faisnéis de chineál an-íogair i gceist leis an iarraidh, d'fhéadfaí na sonraí pearsanta sin a choinneáil siar ó na doiciméid a chuirtear ar fáil mar thoradh ar an nochtadh.

Is féidir go mbeidh sé stuama don eagraíocht eolas a thabhairt d'ionadaí tofa faoi aon ábhair imní atá aici maidir le nochtadh agus dearbhuithe breise a iarraidh ón ionadaí agus ón duine aonair. Is féidir go dtabharfar bearta breise isteach chun go mbeidh eagraíocht in ann í féin a shásamh faoin oiriúnacht a bhaineann le sonraí pearsanta a nochtadh i gcás go ndearna duine aonair eile an t-uiríoll thar ceann an ábhair sonraí mar gheall ar éagumas nó aois an ábhair sonraí. D'fhéadfadh sé sin teacht chun cinn i gcás go ndéanann an toghthóir fiosruithe faoin soláthar seirbhísí don ghaol leis/léi agus i gcás nach bhfuil sé soiléir go bhfuil an gaol leis/léi i bhfabhar an uiríll a bheith á dhéanamh nó nach bhfuil sé/sí eolach air fiú.

²⁶ Mar shampla, faigheann ionadaí tofa iarraidh ó toghthóir atá i bpríosún agus ag iarraidh cúnamh chun freastal ar shochraid gaoil leis. Nuair a dhéanann an t-ionadaí tofa teagmháil leis an bpríosún, insítear dó nach bhféadfaidh sé aon fhaisnéis phearsanta a chur ar fáil in éagmais thoiliú follasach an toghthóra leis/léi, d'ainneoin na fíriche go ndearna an toghthóir teagmháil lena ionadaí poiblí tofa chun cúnamh a iarraidh. Tá seans maith ann go bhféadfadh moill ar dheimhniú an toilithe fhollasaigh a fháil a fhágáil go bhfuil sé rómhall don duine aonair sin freastal ar an tsochraid.

²⁷ Ní mór faisnéis ábhartha agus dearbhuithe ábhartha a chur ar fáil agus a leagan amach san iarraidh i scríbhinn (nó san iarraidh ó bhéal), áfach.

Ar na cásanna eile ina mbeidh bearta ag teastáil tá cásanna ina n-iarrtar rochtain ar fhaisnéis a mbeadh nochtadh sonraí pearsanta faoi dhaoine eile i gceist léi (e.g. is féidir go mbeidh sé mícheart ainmneacha an deichniúir atá ag barr liosta feithimh a eisiúint gan toiliú a fháil uathu) agus cásanna ina ndéantar an t-uiríoll i gcomhthéacs rannpháirtíocht an toghthóra i ndíospóid le tríú páirtithe. Tríd is tríd, níl sé ceadaithe sonraí pearsanta tríú páirtithe a phróiseáil faoi alt 40 d'Acht 2018. Beidh sé ceadaithe i gcúinsí an-chúng próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta a bhaineann le duine nach raibh páirteach san iarraidh le haghaidh uiríll ná i bplé a rinneadh ina dhiaidh sin agus i gcás go mbaineann ceann ar bith de na coinníollacha seo a leanas le hábhar:

- ní fhéadann an tríú páirtí lena mbaineann toiliú follasach a thabhairt; nó
- ní féidir "a bheith ag súil go réasúnach go bhfaighidh" an t-ionadaí tofa toiliú follasach an tríú páirtí; dhéanfaí "dochar don ghníomh atá á dhéanamh ag an ionadaí tofa" dá n-iarrfaí toiliú follasach an tríú páirtí; nó
- tá an phróiseáil riachtanach le leas duine éigin eile agus rinneadh an tríú páirtí toiliú follasach "a choinneáil siar go míréasúnach"; agus
- tá an chothromaíocht i bhfabhar na sonraí pearsanta a nochtadh ar bhonn an leasa phoiblí.

Catagóirí Speisialta Sonraí

Teastaíonn cúram ar leith i gcás go gcáilíonn an fhaisnéis phearsanta atá á heisiúint mar chatagóirí speisialta sonraí faoi Acht 2018 (i.e. faisnéis faoi shláinte duine aonair). Is féidir go dtabharfar údar cuí in uiríll a dhéantar faoi alt 40 d'Acht 2018 le próiseáil a dhéanamh ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta a bhaineann le sláinte nó cúinsí pearsanta an ábhair sonraí.²⁸ Mar sin féin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar bhearta oiriúnacha agus sonracha a gcuirtear

²⁸ Ar an gcoinníoll go bhfuil an phróiseáil riachtanach.

forálacha na Rialachán um Chosaint Sonraí (Sláinte) san áireamh iontu²⁹. Foráiltear leis na rialacháin sin nár cheart sonraí sláinte a bhaineann le duine aonair a chur ar fáil don duine aonair mar fhreagairt d'iarraidh ar rochtain más rud é gur dóigh dó sin dochar tromchúiseach a dhéanamh do shláinte fhisiciúil nó meabhairshláinte an ábhair sonraí. Níor cheart do dhuine nach gairmí cúram sláinte é/í sonraí sláinte a nochtadh do dhuine aonair gan dul i gcomhairle ar dtús le dochtúir an duine aonair sin nó le gairmí sláinte éigin eile atá cáilithe go cuí. Mar an gcéanna, má mheastar go bhfuil sé cuí sonraí pearsanta den sórt sin a nochtadh d'ionadaí tofa, is féidir go mbeidh sé cuí rabhadh a thabhairt maidir le cineál íogair na sonraí³⁰.

I gcás go bhfuil sé i gceist le huiríoll sonraí Airteagal 10 a phróiseáil agus iad a nochtadh d'ionadaí tofa, beifear ag súil de ghnáth go bhfuair an eagraíocht dearbhuithe leordhóthanacha ón ionadaí tofa á thaispeáint gur thoiligh an duine aonair go follasach leis an iarraidh³¹.

Alt 40(4) d'Acht 2018

Ní cheanglaítear ar rialaitheoir sonraí le halt 40(4) géilleadh d'iarraidh nó d'uiríoll ó ionadaí tofa. Ina ionad sin, cuirtear ar fáil leis bunús dlíthiúil le cead a thabhairt d'eagraíocht a bhfuil uiríoll faighte aici sonraí pearsanta a phróiseáil agus a nochtadh. Ba cheart go gcuirfeadh sé deireadh le maorlathas neamhriachtanach agus le moill neamhriachtanach ar iarrataí a bhainistiú. Tá ar gach geallsealbhóir, dá bhrí sin, cur chuige gnáthchéille agus trédhearcach a úsáid.

²⁹ Féach na Rialacháin um Chosaint Sonraí (Modhnú Rochtana) (Sláinte), 1989 (I.R. Uimh. 82 de 1989), agus na Rialacháin um Chosaint Sonraí (Modhnú Rochtana) (Obair Shóisialta), 1989 (I.R. Uimh. 83 de 1989), atá i bhfeidhm fós de réir alt 68 den Acht.

³⁰ Má chuirtear catagóirí speisialta sonraí pearsanta de chuid duine aonair ar fáil d'ionadaí tofa mar thoradh ar uiríoll, beidh ar an ionadaí sin a chinntiú go gcuireann sé/sí coimircí iomchuí i bhfeidhm de réir Airteagal 40(3) agus na sonraí sin á bpróiseáil aige/aici.

³¹ Tabhair faoi deara forálacha Airteagal 10 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus alt 55 d'Acht 2018.

Mar shampla, ba cheart, sa chuid is mó de chásanna, gur leor litir iarrata ina dtugtar an fhaisnéis ábhartha agus na dearbhuithe ábhartha ón ionadaí tofa chun go n-eiseofaí sonraí pearsanta ábhartha. Tá sé le leas ionadaithe tofa faisnéis ábhartha a chur ar fáil don eagraíocht maidir leis an uiríoll mar go bhféadfadh go mbeadh moill nó bac ar fhreagra a thabhairt dá mba rud é nár cuireadh sonraí cuí agus faisnéis chuí ar fáil.³² Tá sé le leas eagraíochta freisin prótacail shoiléire a leagan amach agus a fhoilsiú i dtaca leis an dóigh a gcuireann sí alt 40(4) i bhfeidhm. Cabróidh sé sin le hionchais a bhainistiú do gach geallsealbhóir roimh uiríoll a fháil. Más rud é go ndiúltaíonn eagraíocht do ghníomhú (nó go ngníomhaíonn sí go páirteach) mar thoradh ar uiríoll a rinne ionadaí tofa, ba cheart don eagraíocht bheith in ann a cinneadh a mhíniú don ionadaí tofa (agus don duine aonair) ar bhonn alt 40 in ionad ceanglais chosanta sonraí a lua mar fhoras ginearálta le diúltú.³³

Moladh

Ba cheart d'ionadaithe tofa agus d'eagraíochtaí nósanna imeachta soiléire agus beartais shoiléire a fhorbairt chun tuilleadh éifeachta a thabhairt d'alt 40 d'Acht 2018. Ba cheart dóibh iad a fhoilsiú chun críocha trédhearcachta freisin. D'fhéadfadh cód iompair a bheith ina uirlis éifeachtach chun na gníomhaíochtaí próiseála a bhaineann le huiríll phoiblí a chur le chéile. D'fhéadfadh go bhforbrófaí cur chuige comhchoiteann comhsheasmhach i leith na gníomhaíochta próiseála ar leith sin mar thoradh ar an gcód iompair. Tá cód ina dheis le sraith rialacha a bhunú a chuireann le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ar bhealach praiticiúil trédhearcach agus a chuireann san áireamh na gnéithe ar leith atá i gceist le gníomhaíocht próiseála ar leith. Modh úsáideach chun comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (agus Acht 2018) a thaispeáint is ea cloí le cód ceadaíthe faoi Airteagal 40 den Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

³³ I gcásanna nach soiléir atá an fhaisnéis a chuireann eagraíocht ar fáil ó thaobh na cúise leis an diúltú nó leis an moill ar ghníomhú de, is féidir go gcinneadh duine aonair iarraidh rochtana ábhair a dhéanamh chun a f(h)aisnéis phearsanta a fháil, rud a thugann siad ansin dá (h)ionadaí tofa. Is léir nach mbeadh sé sin le leas aon gheallsealbhóra agus go mbeadh sé in aghaidh mheon na reachtaíochta.

Más féidir le heagraíocht a thaispeáint gur chomhlíon sí alt 40(4) (agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus prionsabail ghaolmhara na cosanta sonraí) trí choimircí oiriúnacha agus sonracha a chur i bhfeidhm, ba cheart di a bheith muiníneach gur chomhlíon sí a hoibleagáidí ar bhealach comhlíontach faoi Acht 2018.

Nollaig 2018